



AN TAONTAS EORPACH AGUS AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA TRÁDÁLA

Oibríonn an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) chun córas trádála idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha a ráthú. D’ainneoin na sáinne i gcaibidlíochtaí trádála, tá bealaí chun rialacha EDT a nuachóiriú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda nua á bhfiosrú. Faoi Chonradh Liospóin, ritheann an Pharlaimint reachtaíocht i gcomhpháirt leis an gComhairle agus tá ról grinnscrúdaithe tábhachtach aici maidir le beartas trádála idirnáisiúnta.

Go luath sa 20ú haois, spreag saincheistanna trádála tíortha chun dul i mbun idirghníomhaíochtaí a bhí ag éirí níos casta, a chruthaigh an gá a bhí le hardán chun caidreamh trádála a rialú agus a éascú. Ní hamháin go ndearna an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1947 (CGTT) fóram plé comhchéime a chur ar fáil, inar cruthaíodh cur chuige iltaobhach i leith cúrsaí trádála, ach rinneadh córas rialacha i dtaca le trádáil a bhí aitheanta go hidirnáisiúnta a bhunú chomh maith. Cothroime iomaíochta a chruthú do na comhaltaí uile an bunsmaoineamh a bhí leis, trí ‘tharaifí agus trí bhacainní ar thrádáil a laghdú go suntasach agus trí chóir idirdhealaitheach i dtráchtáil idirnáisiúnta a dhíothú’^[1].

De réir mar a áiríodh seirbhísí agus smaointe anuas ar mhalartú earraí inláimhsithe i gcúrsaí trádála idirnáisiúnta, rinneadh CGTT a athrú agus a institiúidiú mar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT). Bunaíodh í in 1995 mar thoradh ar Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí trádála agus rinneadh comhaontuithe trádála a bhí ann roimhe sin a ionchorprú inti, amhail CGTT, an Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht agus an Comhaontú maidir le Teicstílí agus le hÉadaí, mar aon le comhaontuithe ginearálta eile. Bhí an Comhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (GATS) agus an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS) ar an dá chomhaontú ba shuntasáí. I bhFeabhra 2017, tháinig an Comhaontú um Éascú Trádála i bhfeidhm — an chéad chomhaontú iltaobhach a tugadh chun críche ó bunaíodh EDT. Thairis sin, tá smaointe anois á gcíoradh maidir le bealaí inar féidir forbairtí nua a áireamh in EDT, a d’fhéadfadh an córas a nuachóiriú, mar shampla i réimsí a bhaineann le ríomhthráchtáil, le héascú infheistíochta agus le fóirdheontais thionsclaíocha, chun é a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos oiriúnaí do dhomhan trádála atá ag athrú go mear.

Léiríonn staitisticí an ceangal soiléir atá idir saorthrádáil agus trádáil chóir agus fás eacnamaíoch. Céim mhór ba ea cruthú EDT ionsar chóras níos cuimsithí agus chóras

[1]Comhaontú CGTT (1947), mír réamhráiteach.



trádála idirnáisiúnta níos dinimiciúla dá bhrí sin. Oibríonn EDT chun saorthrádáil a chur chun cinn, eadhon trína áirithiú go seasfaidh tíortha an fód i dtaca le bacainní ar thrádáil a dhíchur i bpléití trádála. Faoi láthair, is tíortha i mbéal forbartha iad dhá thrian de bhalltíortha EDT, lena gcumasaítear geilleagair idirlinne agus lena dtugtar deis do na tíortha is lú forbairt (LDCanna) úsáid a bhaint as trádáil oscailte ar mhaithe lena n-iarrachtaí forbartha a chur chun cinn.

AN SÁSRA SOCRAÍOCHTA MAIDIR LE DÍOSPÓIDÍ TRÁDÁLA

Tá cumas EDT a Comhlacht um Réiteach Díospóidí a chomhdhlúthú ar cheann de na rudaí is tábhachtaí atá bainte amach aige, ar comhlacht é sin a bhfuil sé de chumhacht aige rialú ar dhíospóidí trádála agus cinní EDT a fhorfheidhmiú. Feidhmíonn an sásra socraíochta maidir le díospóidí ar bhonn rialacha réamhshainithe lena gcumasaítear do bhalltíortha EDT, gan beann ar a neart polaitiúil nó ar a gcumhacht eacnamaíoch, gearáin a thaisceadh i leith sárúithe líomhnaithe ar rialacha EDT agus cúiteamh a lorg. Tá laghdú tagtha ar bhearta cosanta aontaobhacha de thoradh an tsásra seo, a ndeachaigh tíortha ina muinín roimhe seo agus ar mhínic iad ina gcúis ag na tíortha a bhíodh thíos leis le díoltas a bhaint amach, agus ina mbíodh cogáí trádála lánfheidhme mar thoradh orthu ar uairibh.

Go dtí seo, ráthaíonn córas um réiteach díospóidí EDT nach mbíonn forlámhas ag na balltíortha is tréine ar bhalltíortha atá níos laige agus tugann sé rialacha soiléire i dtaca le bearta díoltais. Mar sin féin, tá an Comhlacht Achomhairc imithe in éag, dáiríre, toisc go bhfuil na comhaltaí teacht go deireadh a sainorduithe agus go bhfuil folúntais fágtha gan líonadh. Chun an ceann is fearr a fháil ar an staid sin, chuir AE, i dteannta 22 chomhalta EDT, tús le tionscnamh i gcomhair sásra malartach ar a dtugtar an comhshocrú ilpháirtí maidir le headráin eatramhach achomhairc (MPIA), atá comhdhéanta de 10 eadránaí a éistfidh le hachomhairc maidir le tuarascálacha ó phainéal EDT faoi MIPA.

Ó bunaíodh EDT, bhí AE ar cheann de na húsáideoirí ba mhó a bhain leas as a chóras um réiteach díospóidí. Bhí an tAontas rannpháirteach in 187 gcás um réiteach díospóidí, mar ghearánach in 102 díobh sin agus mar chosantóir in 85 chás^[2]. In 200 cás eile, d'iarr sé stádas tríú páirtí, ina gceadaítear do bhalltíortha EDT faireachán a dhéanamh ar dhíospóidí a bhfuil páirtithe eile rannpháirteach iontu. Ba mhínic a rinne AE, a ndéanann an Coimisiún Eorpach ionadaíocht air, iarracht comhaontuithe EDT a fheabhsú agus a shoiléiriú trí rialuithe a iarraidh óna phainéil agus óna Bhuanachomhlacht Achomhairc.

Déanann Parlaimint na hEorpa faireachán géar ar éabhlú díospóidí a bhaineann le AE. Déanann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta sa Pharlaimint a thuairimí a chur in iúl don Choimisiún agus don Chomhairle trí thuarascálacha, trí éisteachtaí poiblí, agus trí cheisteanna ó bhéal. Is amhlaidh an cás, mar shampla, idir AE agus na Stáit Aontaithe le díospóid Airbus-Boeing.

[2]Figiúirí mar a bhí an 30 Meán Fómhair 2020:
https://www.wto.org/english/tratop_e/dispu_e/dispu_by_country_e.htm



BABHTA DOHA AGUS NITHE A D'ÉIRIGH AS

Ó 2001, bhí balltíortha EDT rannpháirteach i mbabhta leathan de chaibidlíochtaí trádála idirnáisiúnta ar a dtugtar Babhta Doha, nó Clár Oibre Doha um Fhorbairt (DDA), arb é is príomhaidhm dó an fhorbairt a chur ag croílár an chórais trádála idirnáisiúnta. Féachtar le cainteanna Bhabhta Doha ról níos mó a thabhairt do thíortha atá i mbéal forbartha agus a n-acmhainneacht a neartú chun go bhféadfaidh siad leas a bhaint as trádáil idirnáisiúnta agus chun cabhrú leo an bhochtaineacht a chomhrac.

Ón tús, bhí DDA bunaithe ar an bprionsabal 'gnóthas aonair'^[3], agus tá an prionsabal sin fós i bhfeidhm. Mar aon leis na babhtaí a tháinig roimhe, lorgaíonn sé léirscaoileadh sa bhreis a dhéanamh ar thrádáil.

Tá DDA bunaithe ar thrí cholún:

1. Rochtain ar an margadh do tháirgí talmhaíochta (lena n-áirítear taraifí agus fóirdheontais), d'earraí tionsclaíocha (dá dtagraítear freisin mar 'an rochtain ar an margadh neamhthalmhaíochta' nó 'NAMA') agus do sheirbhísí;
2. Rialacha, mar shampla, maidir le héascú trádála agus frithdhumpáil; agus
3. Forbairt.

Tá na cainteanna tagtha ina stad áfach, i ndáil le saincheisteanna móra, a bhaineann le rochtain ar an margadh go príomha. Is idir seasaimh na mórtíortha atá ag teacht chun cinn agus seasaimh na dtíortha nó na bloic thionsclaithe atá na difríochtaí is suntasaí maidir leis an gcaoi inar cheart an córas trádála idirnáisiúnta a athmhúnlú.

Thacaigh AE le babhta uailmhianach agus leathan caibidlíochta a sheoladh. B'fhacthas dó gurbh é sin an bealach ab fhearr chun fás eacnamaíoch agus gnóthachain forbartha a sheachadadh do na rannpháirtithe uile agus chun na comhhabhtálacha riachtanacha a cheadú. Fós, d'ainneoin iarrachtaí suntasacha de líon rannpháirtithe (go háirithe AE), is léir nach mbeidh toradh rathúil ar na caibidlíochtaí ina n-iomláine.

Chun teacht as an tsáinn i gcaibidlíochtaí Doha agus chun caomhnaitheacht a choinneáil faoi smacht, dhírigh balltíortha EDT ar thorthaí a bhaint amach i réimsí nach bhfuil chomh conspóideach céanna, a d'fhéadfadh spriocanna forbartha a bhaint amach go sásúil. I mí na Nollag 2013, rinneadh an chéad ionstraim dhlíthiúil iltaobhach ó bunaíodh EDT 22 bliana roimhe sin a chomhaontú — an Comhaontú um Éascú Trádála. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, i mí na Nollag 2015, rinneadh dul chun cinn nithiúil eile le comhaontú maidir le rialacha lena gcuirtear srian ar thacaíocht a shaobhann an trádáil d'onnhairí talmhaíochta — réimse spéise ar leith do thíortha is lú forbairt.

Cé nach bhfuil an comhaontú sin chomh fadréimseach céanna le clár oibre tosaigh Bhabhta Doha, déanann na forbairtí dearfacha sin, go háirithe teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Éascú Trádála i bhFeabhra 2017, an tiomantas do chóras iltaobhach trádála a dhearbhu. Déanann siad an bealach a réiteach d'athchóiriú ó bhonn ar EDT, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin trádála domhanda nua agus

[3]Go bunúsach ciallaíonn an prionsabal 'gnóthas aonair' nach 'ndéanfar aon ní a chomhaontú go dtí go ndéanfar gach uile ní a chomhaontú'.



ina gcuidítear le taca a chur faoi na rialacha trádála iltaobhacha. Bhí súil ghéar á coinneáil ag Parlaimint na hEorpa ar chainteanna EDT. Ghlac sí tuarascálacha éagsúla ina ndéantar staid na bpléití a mheasúnú.

Déanann an Chomhdháil Pharlaiminteach ar an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a chomheagraigh Parlaimint na hEorpa agus an tAontas Idirpharlaiminteach, deis le haghaidh rannpháirtíocht chuiditheach a chur ar fáil ar bhonn rialta (féach thíos le haghaidh eolas breise maidir leis an gcomhdháil seo). Ar ócáidí go leor, d'iarr an Pharlaimint go gcuirí tús leis na caibidlíochtaí arís, ag leagan béim ar thábhacht Bhabhta Doha do thrádáil dhomhanda agus d'fhorbairt eacnamaíoch.

Bhí dlúthbhaint ag an bParlaimint freisin le caibidlíochtaí i ndáil le comhaontuithe níos teoranta. Chuir sí toscaireacht chuig Nairobi agus chuig Buenos Aires, i mí na Nollag 2015 agus i mí na Nollag 2017 faoi seach, chun freastal ar chruinnithe aireachta EDT. Coinníonn an Pharlaimint súil ar fhorbairt in EDT, go háirithe d'fhonn an chead chruinniú aireachta EDT eile, cruinniú a thionólfar i mí an Mheithimh 2021.

AE AGUS EDT

Go dtí seo, bhí ról lárnach ag AE i bhforbairt an chórais trádála idirnáisiúnta ón Dara Cogadh Domhanda i leith. Faoi láthair, tá an fhéidearthacht maidir le EDT a nuachóiriú á cíoradh ag AE^[4].

Amhail CGTT (agus EDT ina dhiaidh sin), ceapadh AE féin ar dtús chun deireadh a chur le bacainní trádála agus trádáil idir a Bhallstáit a chur chun cinn. Inspioráid go pointe áirithe ab ea prionsabail agus cleachtaí CGTT do mhargadh aonair AE. Bhí an tAontas riamh i measc phríomh-thionscnóirí na trádála idirnáisiúnta éifeachtaí a bhí bunaithe ar an smacht reachta. Cuidíonn córas den sórt sin lena áirithiú go bhfaighidh a ghnólachtaí rochtain chóir ar an margadh thar lear, agus ar an gcaoi sin tacaíonn sé le fás eacnamaíoch, ar bhonn intíre agus i dtríú tíortha araon, go háirithe na tíortha beagfhorbartha.

Tá Comhbheartas Tráchtála AE ar cheann de na réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach agus iomlán ag an Aontas dá bhrí sin. Is é sin le rá, go bhfeidhmíonn AE mar ghníomhaí aonair ag EDT agus is é an Coimisiún a dhéanann ionadaíocht air seachas na Ballstáit. Déanann an Coimisiún caibidlíocht ar chomhaontuithe trádála agus déanann sé leasanna AE a chosaint os comhair Chomhlacht um Réiteach Díospóidí EDT thar ceann na 28 mBallstát ar fad. Téann an Coimisiún i gcomhairle le, agus tuairiscíonn sé go rialta don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an ábhar agus straitéis le haghaidh na bpléití iltaobhacha. Faoi Chonradh Liospóin, is comhreachtóirí iad an Chomhairle agus an Pharlaimint arb ionann a gcumhachtaí i ndáil le cúrsaí trádála idirnáisiúnta.

Trí EDT, d'fhéach AE le creat iltaobhach a chur chun cinn le haghaidh caibidlíochtaí trádála, a bhí beartaithe chun caibidlíochtaí déthaobhacha a chomhlánú. De thoradh na sáinne i mBabhta Doha áfach, agus de bharr go ndeachaigh comhpháirtithe trádála eile i muinín comhaontuithe déthaobhacha, chuir sé d'iallach ar AE smaoinemh in

[4]Preaseisiúint maidir le [cur chuige cuimsitheach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le EDT a nuachóiriú](#).



athuair ar a straitéis sheanbhunaithe agus filleadh ar chaibidlíochtaí déthaobhacha agus réigiúnacha.

Is léiriú freisin iad na sáinneacha reatha ag EDT ar an athrú suntasach atá tagtha ar an gcóras trádála idirnáisiúnta le 20 bliain anuas. Tá athrú de réir a chéile tagtha ar an gcóras, le gníomhaithe nua — go bunúsach tíortha idirlinne agus tíortha i mbéal forbartha — agus ról lárnach acu ina thaobh sin. Is chun tairbhe do roinnt tíortha i mbéal forbartha léirscaoileadh an chórais trádála idirnáisiúnta, ina bhfuil tréimhse fáis eacnamaíoch inbhuanaithe nach bhfacthas a leithéid riamh cheana mar thoradh air. Is maith is eol do AE na dinimicí nua sin. Tá sé léirithe aige an gá atá le cuir chuige nuálacha a thriail chun aghaidh a thabhairt ar thábhacht mhéadaithe na saincheisteanna rialála, i gcomparáid le taraifí agus cur chuige caibidlíochta na mblianta a caitheadh a fhágáil ar lár.

AN CHOMHDHÁIL PHARLAIMINTEACH AR AN EAGRAÍOCHT DHOMHANDA TRÁDÁLA

Tá an Chomhdháil Pharlaiminteach ar EDT á comheagrú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an Aontas Idirpharlaiminteach (IPU) agus tá sé beartaithe chun daonlathas a neartú ar bhonn idirnáisiúnta trí ghné pharlaiminteach a chur i bhfeidhm ar chomhar trádála iltaobhach.

Tionóladh céad chruinniú foirmiúil na bparlaiminteoirí ag EDT i mí na Nollag 1999 ag Comhdháil Aireachta EDT in Seattle. In 2001, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa agus IPU oibriú as lámha a chéile agus urraíocht a dhéanamh ar chruinniú parlaiminteach le linn Chomhdháil EDT in Doha. Rinneadh dúshraith a leagan síos ag an gcruinniú sin don Chomhdháil Pharlaiminteach ar EDT atá anois ar an bhfód.

Cuireann an chomhdháil seo fóram ar fáil do pharlaiminteoirí ó gach cearn den domhan chun tuairimí, faisnéis agus taithí a mhalartú maidir le saincheisteanna trádála idirnáisiúnta. Déanann rannpháirtithe faireachán ar ghníomhaíochtaí EDT; déanann siad éifeachtacht agus cothroime EDT a chur chun cinn; cuireann siad ar son trédhearcacht i nósanna imeachta EDT; saothraíonn siad ar mhaithe le hidirphlé idir rialtais, parlaimintí agus an tsochaí shibhialta a fheabhsú; imríonn siad tionchar ar threo na bpléití laistigh de EDT; agus cuireann siad le hacmhainneacht parlaimintí náisiúnta i gcúrsaí trádála idirnáisiúnta.

Tagann an Chomhdháil Pharlaiminteach ar EDT le chéile le linn Chomhdhálacha Aireachta EDT. Tionóladh an cruinniú is déanaí sa Ghinéiv, an 6 agus an 7 Nollaig 2018.

Wolfgang Iglér
10/2020

